

## **Fíor Stair 1916**

### **Aiséirí na nÓg, ag streachailt do Éire Sóisialach agus Daonlathach**

#### **Réamhrá**

Tá Éirí Amach na Cásca mar chuid lárnach de Stair na hÉireann. Chuir sé tús le feachtas a raibh go leor tacaíocht dó chun Éire saor ó riail gallda agus Éireann do gur leis na hÉireannaigh. Chuirtear an íomhá go minic ar an Éirí Amach mar íobairt fola nó “éirí amach na bhfile”. Níl sé seo ach radharc amháin de na heachtraí sin. Thosaigh an Éirí Amach mar thoradh ar na gcúinsí a bhí ann ag an am. Níor tharla an Éirí Amach gan fáth. “Bhí Éirí Amach ag na hÉireannaigh Aontaithe i 1798, ach níor lean réabhlóid dá bharr. Bhí Éirí Amach ‘Emmet’ i 1804, ach níor lean réabhlóid dá bharr. Bhí Éirí amach na Cásca i 1916 mar mhian réabhlóideach na gnáth Éireannaigh in aghaidh leatrom, drochíde agus smacht gallda na Sasanaigh agus tharla réabhlóid dá bharr.” [Athfhriotail George Russell]

#### **Frithdhúnadh 1913 agus an Streachailt Aicmigh**

Chun tuiscint mhaith a fháil ar 1916 níl áit níos fearr le tosú ná frithdhúnadh 1913. I rith an ama sin bhí an cogadh aicmigh is measa san Eoraip i gCathair Bhaile Átha Cliath. Rinne William Martin Murphy, úinéir an chomhlachta *Tramways*, nuachtáin an *Independent*, Óstán an *Imperial* agus go leor fiontair eile, i gcomhghuaillíocht le plúr na polaitíochta agus rialta iarracht brú a chuir ar an ITGWU. Bhí an ceardchumann seo, faoi stiúir an Conghaileach agus an Lorcánach tar éis go leor torthaí rathúla do chúinsí agus eagraíocht na n-oibrithe a bhaint amach a raibh ag ídiú brabús na ‘Milliúnaithe Éireannach’. Rinne Murphy iarracht smacht a choimeád ar na hoibrithe trí ligint do 400,000 oibrithe fáil bás den ocras de bharr frithdhúnadh na baill ceardchumann as a bpost. Chun cinntiú go raibh na monarchana fós ag feidhmiú tógadh oibrithe ‘scab’ isteach ón mBreatain chun obair orthu. Tar éis streachailt ollmhór, ní raibh an dara rogha ag na hoibrithe ach dul ar ais ag obair, ach níor cailleadh an cath agus d’fhoghlaimíodh go leor as. Fuair siad amach nach féidir braith ar na Briotanaigh, fiú amháin an lucht oibre chun saoirse na hÉireann a bhaint amach, beidh ar na hÉireannaigh é sin a dhéanamh dóibh féin. Thuig náisiúnaithe mór le rá ar nós an Phiarsach, Ceann agus Maude Gonno coincheap Éire do na hÉireannaigh trí thacaíocht a thabhairt do na ceardchumainn. Ach bhí sé soiléir go raibh deighilt sa phobal náisiúnach nuair a bhí Art Ó Gríofa agus Seán Mac Diarmada in aghaidh na ceardchumainn sin. Bhí ról níos déanaí san éirí amach ag an Airm Saoránacht na hÉireann ina raibh siad bunaithe mar mhílíste cosanta na n-oibrithe. Bhí iomrá á tharraingt in Éirinn i 1916, nuair a nascadh na dhá fealsúnachta polaitiúla, sé sin náisiúnachas agus sóisialachas. Freisin bhí fealsúnachtaí polaitiúla eile ag teacht chun cinn, rudaí ar nós feimineachas ina raibh Constance Markievicz agus Maud Gonno mar gníomhach. Mar thoradh ar seo bhunaíodh Cumann na mBan, chun cuidiú leis na hÓglaigh sa réabhlóid. Freisin bhí sé feicthe go raibh easpa traenáil ag na hÓglaigh agus ceaptar ba chóir traenáil a thabhairt do dhaoine óige chun go mbeidh siad ullamh ag an aois ceart le troid ar son na saoirse. Bhunaigh Bulmer Hobson agus Constance Markievicz Fianna Éireann dá bharr. Bhí sé ag dul i dtreo réabhlóid.

#### **An cogadh aicme agus an Céad Cogadh Domhanda**

Bliain tar éis na cathanna ar shráideanna Bhaile Átha Cliath bhí cathanna trinse á throid ar an Mór Roinn. Bhí an Chéad Cogadh Domhanda mar thragóid mhóir i stair an cine daonna. Bhí na milliún oibrithe agus tuathaigh ag troid in aghaidh a chéile, do cén chúis? Chun níos mó talamh, caipiteal agus saothar a thabhairt do na rialaitheoirí. Bhí an Breatain agus a chomhghuaillithe ag rá go raibh siad ag troid ar son saoirse na náisiúin bheaga, ar nós an Bheilg. Go fírinneach bhí sé seo mar chogadh idir na himpireachtaí chun iad a shábháil ón bhás, ina raibh go leor íobartaigh soineanta ann ar nós Éire. Bhí an Conradh Neodrachta na hÉireann (a bhunaíodh chun coinscríobh a dhiúltú) ag argóint cén fáth troid ar son saoirse na náisiúin beaga agus ar son impire na Breataine a raibh Éire faoi na smacht acu, seachas a bheith ag troid do shaoirse do thír féin. Is é seo an comhthéacs idirnáisiúnta ina raibh an éirí amach bunaithe.

## **Eachtraí intíre i dtreo 1916**

Caithfear fachtóirí eile a thógáil san áireamh ag breathnú ar 1916. Timpeall an ama seo bhí go leor eachtraí intíre ina raibh tionchar ollmhór acu ar sochaí na hÉireann agus a bpolaíocht. Bhunaíodh Óglaigh Uladh i 1912 agus fuair siad airm go scioptha díreach tar éis a bhunú chun “Uladh a chosaint”. Go fíorúil bhí an fórsa Protastúnach bunaithe chun cosaint a dhéanamh ar shaibhreas, fhoirgnimh agus thalún a bhí tugtha do mhionlach beag de bharr Éire a bheith faoi seilbh Sasana. Le “Airmiú Uladh”, mar a ghlaoitear air ag an am, tháinig dhá frithghníomh. Leis an céad frithghníomh chuir sé na Tiarnaí talún agus na Caipitlí i gcoimhlint leis an Rialtas Liobrálach Sasanach agus freisin cuireadh Óglaigh na hÉireann faoi bhun. Ón tús dhiúltaigh Airm Sasana bunaithe sa Churach glan ordaithe na Parlaiminte a ghlacadh chun Óglaigh Uladh a dí-armáil. Do thaispeáint an “Ceannairc Currach” do gach duine cé chomh neamh daonlathach is a bhí seilbh Sasana in Éirinn agus i Sasana é féin. Thaispeáin sé go díreach cé i bhí i gcumhacht. Bhunaíodh Óglaigh na hÉireann chun cosaint a dhéanamh do chúis na féinrialach agus chuir le cúis na hÉireann.

## **Díomá sa ullmhúcháin don Éirí Amach**

Faoi 1915 bhí Bráithreachas Poblacht na hÉireann ag ullmhú do Éirí Amach ag tabhairt neamhaird don Cogadh Domhanda agus bhí an Conghaileach agus an Airm Saoránacht na hÉireann ag iarraidh deis a thabhairt do na hoibrithe troid ar shon a gcearta féin seachas a bheith ag troid ar shon cumhachtaí eile. Bhí scoilt in Óglaigh na hÉireann i 1914 idir na daoine a bhí i bhfabhar na himpiriúlaithe i gan fhios dóibh féin a bhí faoi ceannas Seán Mac Réamoinn nuair a cheap siad go mbeadh féinriail faighte má throid Óglaigh na hÉireann ar shon Sasana sa Chogadh Domhanda agus náisiúnaithe ar nós An Phiarsach agus Mac Diarmada a bhí ag ceapadh go raibh an t-atmaisféar oiriúnach chun éirí amach an phobail a thosnú. Ach ag an am céanna bhí sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh airm acu chun an réabhlóid a thosnú. Rinneadh iarracht teagmháil a dhéanamh leis na Ghearmánaigh chun airm a fháil agus bhí siad in ann tacaíocht a thabhairt do namhad Sasana. Níor éirigh le na hairm teacht go hÉireann agus mar thoradh ar sin crochadh Ruaidhrí Mac Easmainn. Bhí sé seo an céad laigeacht don Éirí Amach, agus ní raibh sé i bhfad go tháinig an dara laigeacht freisin. Fuair Eoin Mac Néill amach go raibh na hinlíochtaí chun a bheith ar siúl ar Domhnach Cásca, go fíorúil mar réabhlóid. Chomh luath is a fuair sé amach faoi seo chuir sé ordaithe amach ag chuir na hinlíochtaí ar cheall ina raibh na hÓglaigh measca suas agus drogallach dul i mbun réabhlóid. Bhí sé seo an céim deireanach chun cinntiú nach éireoidh leis an réabhlóid.

## **Géilleadh agus na ceannaircigh curtha chun báis**

Ghéill na ceannaircigh seachtain ó a thosaíodh an réabhlóid chun stop a chur le níos mó cailliúint saol. Deirtear a lán faoi an méid cnáideach a bhí ar siúl ag saoránaigh Bhaile Átha Cliath ar na ceannaircigh. Ach taispeánann fianaise anois go raibh an cnáideach á dhéanamh ag na mionuaisele, céard eile a bheadh tú ag súil uathu! Bhí gach rud le cailliúint acu siúd de bharr réabhlóid rathúil, mar sin bhí siad sásta gur chuir na Sasanaigh stop leis an réabhlóid. Níor cheap na ceannairí go raibh teip ar an réabhlóid. Thuig siad go maith an t-atmaisféar a bhí ann sna bailte agus i dtuath na tíre agus thuig siad go maith go raibh siad ag chuir tús le athrú mór i sochaí na hÉireann.

## **Tírghráthóirí curtha chun báis ag na Gaill**

- Pádraig Mac Piarais – Curtha chun báis, 3ú Bealtaine, 1916
- Tomás Ó Cléirigh - Curtha chun báis, 3ú Bealtaine, 1916
- Tomás Mac Donnchadha – Curtha chun báis, 3ú Bealtaine, 1916
- Seosamh Pluincéid – Curtha chun báis, 4ú Bealtaine, 1916
- Éadbhard Ó Dálaigh – Curtha chun báis, 4ú Bealtaine, 1916
- Liam Mac Piarais – Curtha chun báis, 4ú Bealtaine, 1916
- Mícheal Ó hAnracháin – Curtha chun báis, 4ú Bealtaine, 1916
- Seán Mac Giolla Bhríde – Curtha chun báis, 5ú Bealtaine, 1916
- Eamonn Ceannt – Curtha chun báis, 8ú Bealtaine, 1916
- Mícheal Ó Mealláin – Curtha chun báis, 8ú Bealtaine, 1916
- Conchur Colbard – Curtha chun báis, 8ú Bealtaine, 1916
- Sean Heuston – Curtha chun báis, 8ú Bealtaine, 1916
- Tomás Ceannt – Curtha chun báis, 9ú Bealtaine, 1916
- Sean Mac Diarmada – Curtha chun báis, 12ú Bealtaine, 1916
- Séamus Ó Conghaile – Curtha chun báis, 12ú Bealtaine, 1916
- Ruairdhri Mac Easmainn – Curtha chun báis, 3ú Lúnasa, 1916

## **Cén fáth go raibh réabhlóid ?**

Cé nach bhfuilimid ag déileáil leis na heachtraí a tharla tar éis an Éirí Amach, caithfear aithint go raibh an Éirí Amach mar chuid mhóir de na heachtraí a tharla tar éis sin. Bhí 1916 mar chuid den streachailt aicmigh agus náisiúnach a bhí ar siúl i ngach cearn den domhan ag an am. Thaispeáin na toghcháin i 1918 go raibh deireadh le haois na himpire feodach agus nach mbeadh féinriail sásúil go leor do mhuintir na hÉireann. Ní raibh an lucht oibre i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste sásta níos mó agus bhí siad ag éirí níos muiníneach, mar a bhí feicthe le fás gluaiseacht na ceardchumann. Bhí i gcónaí i stair na hÉireann aighneas talún sa tuaithe ina raibh eagraíochtaí ar nós an conradh talún agus na cumainn rúnda a thug guth do na tuathaigh gníomhach inar léirigh na tuathaigh a mhí-sástacht. Freisin bhí mí-shástacht á léiriú ag lucht meánaicmeach faoi scriosadh an córas caipitlí comórtas i bhfabhar do caipitleachas monaplacht tionsclaíochta. Is iad seo na fachtóirí a thosaigh 1916 agus cogadh na saoirse, ní de bharr óráid filíochta nó de bharr bás tírghráthóirí 1916.

## **Éirí amach nach bhfuil críochnaithe**

Níor críochnaíodh obair Éirí Amach na Cásca. Níor cuireadh i gcrích na spriocanna a bhí i gceist ag na ceannairí 1916. Tá Éire deighilte de bharr impiriúlachas. Tá smacht ar Éireann ó fhórsaí neamh daonlathach ghallda ó Londain go Washington, an Bhruiséil go Tokyo, tá Éire fós i ndaoirse agus gan suaimhneas.

Tá Aiséirí na n-Óg mar fheachtas do dhaonlathaigh, cumannaigh agus poblachtaigh óga chun ceiliúradh a dhéanamh ar eachtraí 1916, ach chomh maith le sin inspioráid a fháil ó na heachtraí sin do mhuintir na hÉireann chun streachailt a dhéanamh do Éire

daonlathach, saor a fháil. Go mbeidh Éire faoi smacht an gnáth lucht oibre, is cuma faoi creideamh nó cine. Éire Saor, Éire Ghaelach.